C/2026/5419

16.10.2026

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Deireadh Fómhair 2026

lena gceadaítear don Ghréig imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú)

(C/2026/5419)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 26 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2024/1263, mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([2]) arna leasú, agus Treoir 2011/85/AE ón gComhairle ([3]) arna leasú, is iad na croíghnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais iad. Tá sé d'aidhm ag an gcreat airgeadas poiblí atá fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí bhíthin athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh rialtais iomarcacha a chosc. Leis an gcreat, cuirtear úinéireacht náisiúnta chun cinn agus dírítear ar an meántéarma agus féachtar leis na rialacha a fhorfheidhmiú go héifeachtach comhleanúnach.

(2) Na huasrátaí fáis glanchaiteachais a leagtar síos i moladh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagail 17(1), 19 nó 20 de Rialachán (AE) 2024/1263, is iad sin an táscaire oibriúcháin aonair le haghaidh an fhaireachais bhuiséadaigh bhliantúil a dhéantar ar gach Ballstát agus tá siad i gcroílár an chreata rialachais eacnamaíoch. Leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a leagtar síos sa Mholadh sin ón gComhairle, bunaítear srian buiséadach ar feadh 4 nó 5 bliana, srian atá bunaithe ar thréimhse choigeartúcháin 4 bliana ar féidir síneadh suas le 3 bliana breise a chur léi.

(3) Déantar foráil sa chreat maidir le solúbthacht i ndáil le cur i bhfeidhm na rialacha i gcás imthosca eisceachtúla nach bhfuil smacht ag na Ballstáit orthu agus a bhfuil tionchar mór acu ar an airgeadas poiblí, i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1263 ('clásail éalaithe náisiúnta'). Sa dara cás sin, tar éis iarraidh a fháil ón mBallstát agus ar mholadh ón gCoimisiún bunaithe ar a chuid anailíse, féadfaidh an Chomhairle, laistigh de 4 seachtaine ón moladh ón gCoimisiún, moladh a ghlacadh lena gceadófar do Bhallstát imeacht óna uasrátaí fáis glanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle (i) i gcás imthosca eisceachtúla nach bhfuil smacht ag an mBallstát orthu, (ii) i gcás ina bhfuil tionchar mór ag na himthosca sin ar airgeadas poiblí an Bhallstáit lena mbaineann, agus (iii) ar choinníoll nach gcuirfear an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma mar gheall ar an diall sin. Bíonn teorainn ama le haghaidh an diallta sin le sonrú ag an gComhairle.

(4) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit gníomhachtú chlásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a iarraidh ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta ([4]) a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025.

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/2024-04-30).
([3]) Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/2024-04-30).
([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, 19.3.2025, C(2025) 2000 final.

(5) Tar éis iarraidh a fháil ón nGréig an 8 Iúil 2025 agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Ghréig imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais molta chun an caiteachas cosanta a mhéadú ([5]). Is é is aidhm don tsolúbthacht sin an t-aistriú chuig leibhéil níos airde caiteachais ar chosaint a éascú ar choinníoll nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma.

(6) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Meitheamh 2026, d'fhógair sé go bhféadfaí raon feidhme an chlásail éalaithe náisiúnta a leathnú chun freastal ar na bearta a chinn na Ballstáit tar éis an 28 Feabhra 2026, ar bearta iad a threisíonn athléimneacht struchtúrach chóras fuinnimh na hEorpa agus a chuireann dlús leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise (dá ngairtear 'bearta slándála fuinnimh' anseo feasta) ([6]). An 18 Lúnasa 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún Fógra ina raibh treoraíocht bhreise do na Ballstáit maidir le raon feidhme agus dearadh na solúbthachta breise le haghaidh bearta slándála fuinnimh ([7]). Chun a áirithiú nach gcuirfear an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol, agus chun an méadú is gá ar an gcoigeartú fioscach a shrianadh amach anseo, ní dhéantar aon athrú ar an uasteorainn 1,5 % de OTI atá ann cheana agus tá feidhm aici maidir leis an tsolúbthacht a bhaineann le cosaint agus le fuinneamh araon. Thairis sin, níor cheart an tsolúbthacht a dheonaítear le haghaidh bearta slándála fuinnimh a bheith níos mó ná 0,3 % de OTI in aghaidh na bliana, agus níor cheart an tsolúbthacht charnach faoi dheireadh 2028 a bheith níos mó ná 0,6 % de OTI.

(7) An 6 Lúnasa 2026, chuir an Ghréig iarraidh faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, chun cur i bhfeidhm an chlásail éalaithe náisiúnta a leathnú chun bearta breise a chumhdach lena bhfeabhsófaí an tslándáil fuinnimh. San iarraidh ón nGréig, cuireann sí i dtábhacht iarmhairtí na gníomhaíochta míleata i Murascaill na Peirse, gníomhaíocht a chuireann slándáil fuinnimh fhadtéarmach na hEorpa i mbaol. Is imthoisc eisceachtúil é an cás sin nach bhfuil smacht ag an mBallstát uirthi agus tá méadú mór ar an gcaiteachas rialtais de dhíth chun laghdú ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus ar na leochaileachtaí a bhaineann leis na breoslaí sin agus dá bhrí sin, chun rannchuidiú leis an tslándáil fuinnimh.

(8) Chuir an Ghréig i láthair ina hiarraidh liosta tosaigh de bhearta slándála fuinnimh atá beartaithe agus a mhaoineofar go náisiúnta agus a mbeidh tionchar buiséadach díreach acu, ar bearta iad a cinneadh tar éis an 28 Feabhra 2026, a bhfuil sé d'aidhm acu an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú agus slándáil na hEorpa a neartú. Leis na bearta atá beartaithe, tacófar le hinfheistíochtaí, mar shampla, i bpainéil ghréine, stóráil fuinnimh ghlain, teaschaidéil agus téitheoirí uisce, uasghráduithe fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí agus ar bhonneagar poiblí, mar aon le feabhsuithe ar an gcóras iarnróid. Ar bhonn an réamh-mheasúnaithe, d'fhéadfadh na bearta sin atá beartaithe teacht faoi raon feidhme na solúbthachta le haghaidh na slándála fuinnimh. Leis an measúnú tosaigh sin, ní dhéantar réamhbhreith ar mheasúnuithe incháilitheachta a bheidh le déanamh ag an gCoimisiún amach anseo. Ba cheart na bearta a bheith spriocdhírithe agus costéifeachtach agus ba cheart iad a bheith deartha chun an tionchar is mó is féidir a bheith acu i dtéarmaí a rannchuidithe leis an dícharbónú agus/nó leis an gcoigilteas fuinnimh. I gcás inarb ábhartha, is gá riachtanais bhonneagair ghaolmhara, go háirithe acmhainneacht eangaí nua nó uasghrádaithe, a bhreithniú freisin.

(9) Déanfaidh an Coimisiún measúnú mar chuid dá fhaireachas buiséadach tráthrialta ar an incháilitheacht i dtéarmaí raoin feidhme, breisíochta agus spriocdhírithe/costéifeachtachta beart nithiúil, agus ar a dtionchar buiséadach, go háirithe chun cinneadh ar an tsolúbthacht a bheidh ann i gcás bearta slándála fuinnimh ba cheart a chur san áireamh agus an cuntas rialaithe le haghaidh na Gréige á leagan amach agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na n-uasrátaí fáis glanchaiteachais molta.

(10) Chuige sin, ba cheart don Ghréig an liosta beart nithiúil slándála fuinnimh a tuairisciú don Choimisiúin faoi dhó sa bhliain, ar bearta iad a mheasann sí a bheith incháilithe don tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta agus ba cheart di freisin fianaise a sholáthar maidir lena n-incháilitheacht agus a dtionchar buiséadach. An tuairisciú tráthrialta sin ar na bearta fuinnimh, beidh sé ina chuid den phróiseas faireachais bhuiséadaigh leathbhliantúil. Ba cheart bearta agus a gcostas buiséadach don bhliain roimhe sin agus réamhaisnéis ina leith le haghaidh na bliana reatha a bheith i dtuairisciú an earraigh, agus ba cheart bearta don bhliain reatha agus bearta don bhliain dár gcionn a bheith i dtuairisciú an fhómhair, ar bearta iad a glacadh nó a fógraíodh go hinchreidte in éineacht le mionsonraí leordhóthanacha ina dtaobh. Cuirfidh sé sin ar a chumas don Choimisiún na bearta nithiúla a chur san áireamh ina fhaireachas buiséadach chun an tslándáil fuinnimh a fheabhsú, laistigh de na huasteorainneacha bliantúla agus carnacha 0,3 agus 0,6 faoin gcéad de OTI, faoi seach.

([5]) Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Ghréig imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú) (IO C, C/2025/3965, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3965/oj).

([6]) Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh' (COM(2026) 200 final).

([7]) Fógra ón gCoimisiún – Treoraíocht do na Ballstáit maidir le Leathnú Raon Feidhme an Chlásail Éalaithe Náisiúnta maidir leis an tSlándáil Fuinnimh, (IO C, C/2026/4514, 18.8.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/4514/oj).

(11) Forshuitear Moladh C/2025/3965 ([8]) leis an Moladh seo.

(12) Ní mhodhnaítear leis an moladh seo na sainmhínithe ar easnamh rialtais, ar fhiachas rialtais ná ar ghlanchaiteachas rialtais, ná na sainmhínithe ar choincheapa gaolmhara. Déanfaidh an Ghréig sonraí atá bunaithe ar na coincheapa sin a thiomsú agus a thuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1263, Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle ([9]) agus Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ([10]).

AG MOLADH LEIS SEO:

1. Go dtí 2028, ceadaítear don Ghréig imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais a leagtar síos le Moladh C/2025/661 ón gComhairle ([11]) agus iad a shárú a mhéid nach mó an glanchaiteachas atá de bhreis ar na huasrátaí fáis sin ná

   (i) suim na nithe seo a leanas:

      (a) an méadú ar an gcaiteachas cosanta mar chéatadán de OTI ó bhí 2024 (bonnbhliain) ann;

      (b) costas buiséadach na mbeart incháilithe lena bhfeabhsófar an tslándáil fuinnimh le linn na tréimhse 2026-2028, arna uasteorannú ag 0,3 faoin gcéad de OTI in aghaidh na bliana agus 0,6 faoin gcéad de OTI i dtéarmaí carnacha in imeacht na tréimhse céanna;

   (ii) ar choinníoll nach mó an diall iomlán atá de bhreis ar na huasrátaí fáis glanchaiteachais ná 1,5 faoin gcéad de OTI.

2. Sna blianta tar éis 2028, féadfaidh an Ghréig fós imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais a leagtar síos le Moladh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagail 17, 19 nó 20 de Rialachán (AE) 2024/1263, agus féadfaidh sí na huasrátaí sin a shárú, a mhéid a bhaineann an glanchaiteachas atá de bhreis ar na huasrátaí fáis glanchaiteachais sin le seachadtaí trealaimh mhíleata ar síníodh conradh ina leith roimh dheireadh 2028 agus a mhéid a fhanann an glanchaiteachas sin laistigh den uasteorainn fhoriomlán thuasluaite.

3. I gcomhréir le hAirteagal 22(7) de Rialachán (AE) 2024/1263, na dialltaí ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle agus a cheadaítear leis an Moladh seo, ní thaifeadtar mar dhochar i gcuntas rialaithe na Gréige.

4. Chun a áirithiú go dtaifeadtar an caiteachas breise a i gceart, tá an Ghréig le sonraí iarbhír agus sonraí beartaithe maidir le caiteachas cosanta iomlán (rannán 02 de COFOG) a chuimsiú, lena n-áirítear sonraí maidir le hinfheistíocht chosanta (rannán 02 P.51 de COFOG) agus aon chaiteachas atá le maoiniú le hiasachtaí SAFE nach gcumhdaítear in COFOG-02:

   (a) le haghaidh na mblianta 2021 go dtí bliain T-1 (sa chás inarb í bliain T an bhliain reatha), sa tuairisciú don Choimisiún (Eurostat) i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle;

   (b) le haghaidh na mblianta 2021 go dtí bliain T (an bhliain reatha), i bpleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta agus i dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn i gcomhréir le hAirteagail 11(1) agus 15, agus 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1263;

   (c) le haghaidh na mblianta T (an bhliain reatha) agus T+1, i ndréachtphleananna buiséadacha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]).

([8]) Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Ghréig imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú) (IO C, C/2025/3965, 20.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3965/oj).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 maidir le cur i bhfeidhm an Phrótacail maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 145, 10.6.2009, lgh. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/479/2014-09-01).

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/549/2025-09-01).

([11]) Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Gréige (IO C, C/2025/661, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/661/oj).

([12]) Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le neartú ar an bhfaireachas eacnamaíoch agus buiséadach ar Bhallstáit sa limistéar euro a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais (IO L 140, 27.5.2013, lch. 1).

5. Chun a áirithiú go ndéanfar an taifeadadh i gceart, tá an Ghréig chun bearta nithiúla lena bhfeabhsófar an tslándáil fuinnimh chun críoch an mholta seo a thuairisciú don Choimisiún in 2026-2028. An tuairisciú a dhéanfar don Choimisiún maidir leis na bearta nithiúla sin, is tuairisciú é ba cheart cloí leis an teimpléad tuairiscithe atá le soláthar ag an gCoimisiún, lena n-áirítear faisnéis maidir le staid an chur chun feidhme, fianaise maidir lena n-incháilitheacht, agus ba cheart iad a chainníochtú ar bhealach trédhearcach stuama. Beidh an tuairisciú le déanamh faoi dhó sa bhliain, san earrach faoin 15 Aibreán, agus san fhómhar, i gcomhthéacs dréachtphleananna buiséadacha, faoin 15 Deireadh Fómhair.

Is chuig an bPoblacht Heilléanach a dhírítear an moladh seo.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 9 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. HARRIS